

LÁNCHOSC: 5 Meitheamh 2024 06:00 Am Lár na hEorpa

Is bagairt iad na costais mhaireachtála agus an ciníochas atá ag dul i méid ar chosaint na gceart bunúsach san Eoraip: Tuarascáil um Chearta Bunúsacha 2024 ó FRA

Tá cearta bunúsacha na ndaoine i mbaol ar fud na hEorpa. Is é is cúis leis sin leibhéil na bochtaineachta atá ag dul i méid, bagairtí leanúnacha ar an daonlathas, ciníochas forleathan agus dúshláin a tharlaíonn i gcomhthéacs na himirce, dar le Tuarascáil um Chearta Bunúsacha 2024 ó FRA. Leis na bagairtí sin, leagtar béim ar an ngá atá le cosaint láidir inbhuanaithe ar chearta bunúsacha a áirithiú ar fud an AE, go háirithe do dhaoine atá i staideanna leochaileacha. Tugtar le fios sa tuarascáil conas is féidir le lucht déanta beartas agus leis an tsochaí shibhialta oibriú i gcomhar le chéile chun bagairt an eisiaimh shóisialta a chomhrac agus chun sochaí níos comhionainne agus níos cothroime a chumasú do chách.

Dírítear i [dTuarascáil um Chearta Bunúsacha 2024](#) ó FRA ar phríomhfhorbairtí agus ar easnaimh i gcosaint na gceart bunúsach san AE in 2023. Orthu sin, tá:

- **Bochtaineacht níos mó:** tá duine as gach cúigear ar fud an AE ag maireachtáil i mbochtaineacht mar gheall ar mhéadú ar chostais fuinnimh agus mhaireachtála. D’ainneoin beart náisiúnta chun an bhochtaineacht a laghdú, is iad leanaí agus teaghlaigh leochaileacha, amhail iad siúd atá i dteaghlaigh aontuismitheora, i dteaghlaigh Romacha agus i dteaghlaigh imirceacha, is mó atá i mbaol.
- **Le rialacha nua imirce, tugtar cosaint níos láidre do chearta ag teorainneacha an AE ach tá rioscaí nua ag baint leo freisin:** in 2024, tháinig an tAontas Eorpach ar chomhaontú maidir le rialacha nua imirce agus tearmainn chun próiseáil níos éifeachtaí a dhéanamh ar iarratais ar thearmann ag teorainneacha an AE. Le rialacha nua maidir le faireachán a dhéanamh ar chearta bunúsacha, cosaint leanaí agus dualgas soiléir imscrúdú a dhéanamh ar gach tuairisc chuí-réasúnaithe ar shárúithe ar chearta, cuirtear deiseanna ar fáil chun feabhas a chur ar chomhlíonadh na gceart bunúsach, má chuirtear chun feidhme ina n-iomláine iad. In 2023, fuair níos mó ná 4,000 duine bás nó chuaigh siad ar iarraidh ar muir, an líon is airde le 5 bliana anuas.
- **Bagairtí daonlathacha:** chuir idirghabhálacha iomarcacha stáit, go háirithe i gcoinne na gceart maidir le saoirse caidrimh, comhthionól síochánta agus tuairimí a thabhairt, an spás don tsochaí shibhialta i mbaol. Tá sé sin, mar aon le heaspa rannpháirtíochta fiúntaí i ngnóthaí poiblí agus bréagaisnéise, ag baint an bhoinn den daonlathas ar fud na hEorpa.
- **Frith-sheimíteachas ag dul i méid:** spreag na hionsaithe sceimhlitheoireachta a rinne Hamas in Iosrael an 7 Deireadh Fómhair 2023 agus freagairt mhíleata Iosrael in Gaza méadú scanrúil ar bhagairtí agus ar fhoréigean i gcoinne na nGiúdach ar fud an

AE. Le teacht chun cinn an fhuatha fhrith-sheimítigh agus an fhoréigin fhrith-sheimítigh, tháinig cuimhní uafásacha chun cinn ar fud na mór-roinne.

- **Éadulaingt ag méadú:** tá éadulaingt ag fás ar fud na hEorpa, a théann i bhfeidhm ar go leor grúpaí, lena n-áirítear Moslamaigh, daoine de bhunadh na hAfraice, na Romaigh agus imircigh. Tá an bhréagaisnéis agus ardáin ar líne tar éis dearcthaí ciníocha agus deighilte a ghéarú.
- **Deighiltí digiteacha níos leithne:** Le húsáid níos mó á baint as an intleacht shaorga (IS) agus digitíú na seirbhísí poiblí, tá an baol ann go bhfágfaí grúpaí leochaileacha ar lár, amhail daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas, daoine gan dídean agus na Romaigh. Is é is aidhm d'fhorbairtí reachtacha, lena n-áirítear an Gníomh um an Intleacht Shaorga agus an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha de chuid an AE, chomh maith le coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir leis an intleacht shaorga, aghaidh a thabhairt ar chuid de na dúshláin sin.

Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, iarrann FRA ar an AE agus ar thíortha AE an méid seo a leanas a dhéanamh:

- **Gan aon duine a fhágáil ar lár:** a áirithiú go sroichfidh bearta um laghdú bochtaineachta agus fuinnimh, lena n-áirítear cúnamh sóisialta agus tithíochta, grúpaí faoi mhíbhuntáiste.
- **Cosaintí maidir le cearta bunúsacha ag teorainneacha a neartú:** feabhas a chur ar chleachtais chuardaigh agus tarrthála chun beatha daoine a shábháil ar muir. Dálaí níos sábháilte a chur ar fáil chun daoine nuathagtha a phróiseáil, agus faireachán neamhspleách ar chearta a bhunú ag teorainneacha seachtracha an AE.
- **An tsochaí sibhialta a chosaint:** faireachán a dhéanamh ar shrianta ar an spás sibhialta agus na srianta sin a thaifeadadh. Gníomhú chun cosantóirí chearta an duine agus saoirse na meán a chosaint. Úsáid a bhaint go córasach as saineolas na sochaí sibhialta, rud a fhágfaidh go mbeidh am fóinteach ann do chomhairliúchán éifeachtach.
- **Seasamh go láidir i gcoinne gach cineál ciníochais agus na héadulaingthe gaolmhaire:** ciníochas córasach agus fréamhaithe go domhain agus éadulaingt ghaolmhar inár sochaithe a admháil agus a chomhrac. Leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar shonraí fianaisebhunaithe agus iad a bhailiú chun cur le dlíthe agus beartais an AE agus náisiúnta maidir leis an bhfrithchiníochas agus leis an bhfrith-sheimíteachas. Spás níos sábháilte ar líne a chur ar fáil do chách agus gníomhú i gcoinne an fhuatha ar líne.

Sliocht ó Stiúrthóir FRA [Sirpa Rautio](#):

“Tá éadulaingt fhorleathan ann mar thoradh ar an deighilt ar fud na hEorpa, rud a chruthaíonn sochaithe deighilte ina bhfuil go leor grúpaí ag fulaingt. Tá an bhochtaineacht agus na bagairtí daonlathacha atá ag dul i méid ag cur leis an éiginnteacht agus leis an teannas sa tsochaí. Ach tá bunús láidir ag an Eoraip freisin maidir le cearta an duine atá in ann ár ngníomhaíochtaí a threorú. Ba cheart dúinn go léir teacht le chéile agus leas a bhaint as ár láidreachtaí chun todhchaí shlán chuimsitheach a áirithiú ina n-urramófar cearta gach duine ina mbraitheann gach duine sábháilte mar dhuine.”

Le tuilleadh faisnéise a fháil, téigh i dteagmháil le: media@fra.europa.eu / Teil.: +43 1 580 30 653



Is é Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh a d'aistrigh an phreaseisiúint seo ach ní dhearna saineolaithe FRA léamh profaí uirthi.